Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Comhairle Contae Chorcaí

# BEARTAS UM LUACH SAOTHAIR D'EALAÍONTÓIRÍ



*An taibheoir rince Sara Hernandez ag taispeántas aonair Miriam O'Connor i Halla Baile Mhaigh Chromtha*

*(grianghraf: Karol Kachmarsky 2021)*

# RÉAMHRÁ

Déanann ealaíontóirí cruthaitheacha agus léirmhínitheacha, oibrithe ealaíon agus daoine eile laistigh d'earnáil na n-ealaíon obair mhór ar son shaol cultúrtha agus cruthaitheach ár saoránach. Léirítear a bhuíche atá muid as a leithéid de chuidiú sa luach praiticiúil a chuirimid ar an obair seo. Áirítear leis sin rátaí córa íocaíochta, dálaí réasúnta oibre, comhdheiseanna, trédhearcacht maidir le soláthar agus aitheantas do chearta maoine intleachtúla ealaíontóirí a chinntiú.

Mar chomhlacht corparáideach a bhfuil ról reachtúil aige i soláthar ealaíon áitiúil, tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a chur chun cinn. Cuirtear an tiomantas seo in iúl i mbeartas, bunaithe ar bheartas náisiúnta maidir le luach saothair ealaíontóirí agus ag teacht leis mar atá leagtha amach ag an gComhairle Ealaíon i ndoiciméid éagsúla, lena n-áirítear Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 1, Dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann 2010, agus, le déanaí, in Luach Saothair don Ealaíontóir: Beartas de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí (2020).

Tá an beartas seo ullmhaithe ag Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir agus Teangacha Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí. Tá sé mar aidhm aige spriocanna beartais soiléire agus caighdeáin dea-chleachtais a leagan amach a bheidh mar threoir agus bonn eolais ag rannpháirtíocht Chomhairle Contae Chorcaí le healaíontóirí. Bunaítear leis freisin caighdeán dea-chleachtais a bhfuilimid ag súil leis go ndéanfaidh eagraíochtaí a ndéanaimid maoiniú orthu nó a n-oibrímid leo é a chomhlíonadh.

# RÁITEAS BEARTAIS

Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do phrionsabal luach saothair cóir agus cothrom na n-ealaíontóirí gairmiúla agus na n-oibrithe ealaíon. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go n-íocfar ealaíontóirí agus gairmithe eile san earnáil chruthaitheach go cothrom agus go cuí ionas go mbeidh gairmeacha fiúntacha agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair de acu. Leagtar amach sa bheartas seo na nithe a dhéanfaimid mar chomhlacht poiblí chun dea-chleachtas a bhaint amach inár socruithe soláthair agus conarthacha le healaíontóirí. Táimid ag súil freisin go gcinnteoidh na heagraíochtaí agus na daoine aonair sin atá ag lorg maoiniú ó Chomhairle Contae Chorcaí go dtabharfar cúiteamh ceart d'ealaíontóirí as a gcuid oibre.

Is iad seo a leanas na prionsabail atá mar bhonn faoin mBeartas seo:

- Luach a chur ar an obair a chruthaíonn ealaíontóirí agus ar an obair a dhéanann siad ar son shaol sóisialta agus eacnamaíoch cultúrtha ár gcontae.
- Dea-chleachtais a bhaint amach.
- Cur ar chumas ealaíontóirí gairmeacha inmharthana a fhorbairt agus a chothú.

Cuirimid na nithe seo a leanas romhainn sa Bheartas seo:

- Caighdeán dea-chleachtais a bhunú i rannpháirtíocht dhíreach Chomhairle Contae Chorcaí le healaíontóirí agus le hoibrithe eile in earnáil na n-ealaíon.
- A chinntiú go bhfuil caighdeáin inghlactha ag na heagraíochtaí a ndéanaimid maoiniú orthu nó a n-oibrímid leo maidir le luach saothair ealaíontóirí.

- Oiliúint agus comhairle a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí chun tuiscint níos fearr a bheith ar chearta ealaíontóirí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochtaí a dtacaímid leo mar chuid dár gcleachtas caighdeánach meastóireachta.

[1] Deir an Chomhairle Ealaíon in Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, "Cuirfimid comhairle ar an rialtas lárnach agus áitiúil maidir le soláthar reachtach agus rialála agus maidir le gníomhartha eile lena dtacófaí le healaíontóirí gairmeacha fiúntacha agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair de a bheith acu"

## ÁR NGEALLTANAIS

Geallann Comhairle Contae Chorcaí luach saothair cothrom a thabhairt d'ealaíontóirí, do ghairmithe ealaíon agus d'oibrithe ealaíon as aon obair a dhéanann siad thar ceann an údaráis áitiúil. Geallann Comhairle Contae Chorcaí dea-chleachtas a bhaint amach mar a leagtar amach in Luach Saothair don Ealaíontóir: Beartas de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le Luach Saothair agus Conraitheoireacht atá Cóir agus Cothrom d'Ealaíontóirí. Oibreoidh Comhairle Contae Chorcaí chun a chinntiú go mbeidh próisis éifeachtacha ag na heagraíochtaí sin a ndéanaimid maoiniú orthu, a gcomhoibrímid go straitéiseach leo nó a ndéanaimid comhpháirtíocht leo chun luach saothair cóir agus cothrom na n-ealaíontóirí a n-oibríonn siad leo a chinntiú.

Déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí an méid sin trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go bhfoilseoidh an Chomhairle a rátaí íocaíochta agus aon rátaí íocaíochta eile.
- Cothroime i rátaí íocaíochta caighdeánacha an tionscail a chinntiú trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar ár rátaí luach saothair agus ar ár mbeartas.
- A chinntiú go ndeimhneofar gach socrú oibre i scríbhinn agus a chinntiú go léireoidh onarthaí raon feidhme iomlán an mhéid a bhfuiltear ag súil go soláthróidh an t-ealaíontóir agus an ráta luach saothair a chuirfear ar fáil.
- A chinntiú go n-íocfar ealaíontóirí a thapa agus is féidir.
- A chinntiú go dtabharfar urraim do chearta maoine intleachtúla ealaíontóirí agus go n-áir eofar comhaontuithe a bhaineann le cearta maoine intleachtúla i gconarthaí, i gcás inarb ábhartha.
- A chinntiú go mbeidh beartais maidir le luach saothair ealaíontóirí luaite go soiléir ag an gComhairle agus ag na heagraíochtaí a dtacaímid leo nó a mbímid ag plé leo.
- Déanfar athbhreithniú rialta ar bheartas na Comhairle chun coinneáil suas le hathrú reachtaíochta nó beartais agus le dálaí earnála.

## FORBAIRT AGUS GLACADH AN BHEARTAIS

D'fhorbair Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir agus Teangacha Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí an beartas seo agus ghlac Comhairle Contae Chorcaí leis go foirmiúil ag a cruinniú an 11 Márta 2024.

## CUR I BHFEIDHM AN BHEARTAIS

Cuirfimid na bearta seo a leanas i bhfeidhm laistigh de 12 mhí ón tráth a nglacfar leis an mBeartas seo:

- Faisnéis a fhoilsiú faoi rátaí íocaíochta Chomhairle Contae Chorcaí agus faoi rátaí atá socraithe ag réimse samplach eagraíochtaí mar a leagtar amach i nDoiciméad na Comhairle Ealaíon um Ea graíochtaí Ionadaíocha agus Acmhainní.2
- A chinntiú go bhfógrófar deiseanna oibre, painéil chreatlaí agus tionscnaimh eile a chuireann ar chumas ealaíontóirí teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle go hoscailte.
- A chinntiú go n-eiseofar Conradh do Sheirbhísí do gach ealaíontóir atá ar conradh ag Comhairle Contae Chorcaí, ina leagtar amach i measc nithe eile an leibhéal comhaontaithe luach saothair a gheobhaidh an t-ealaíontóir.
- Meas a léiriú ar chearta cóipchirt agus atáirgthe ealaíontóirí a ndéanann an Chomhairle a saothar a choimisiúnú nó a cheannach.
- Clár saothar ealaíne na Comhairle a nuashonrú chun sonraí ealaíontóra agus an comhaontú ceadúnaithe cóipchirt a áireamh ann, nuair is féidir.
- Athruithe ar fhoirmeacha iarratais maoinithe na Comhairle a thabhairt isteach chun a chinntiú go n-áireofar táillí ealaíontóirí agus costais ghairmiúla eile mar mhíreanna sonracha i mbuiséid.
- Bearta tuairiscithe a nuashonrú chun a chinntiú go mbeidh na heagraíochtaí a dtacaímid leo ag tabhairt luach saothair cóir d'ealaíontóirí.
- Cód Dea-Chleachtais a eisiúint d'eagraíochtaí is cliaint.
- Maoiniú a dhiúltú d'eagraíochtaí nach n-aontóidh leis an gCód Dea-Chleachtais nó a léirítear go bhfuil comhaontuithe maidir le pá ealaíontóirí sáraithe acu.
- Sonraí maidir leis an gcéatadán den mhaoiniú deontais a leithdháiltear ar tháillí ealaíontóirí a bhailiú agus a fhoilsiú.

## TEORAINNEACHA AN BHEARTAIS

Cé go ndéanfaidh Comhairle Contae Chorcaí gach iarracht cothroime agus trédhearcacht a chinntiú maidir lena teagmháil dhíreach le healaíontóirí, níl an t-údarás aici pá agus coinníollacha a shocrú maidir le healaíontóirí atá ar conradh ag na heagraíochtaí sin a dtacaímid leo. Mar sin féin, bunóimid próiseas chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a n-íocann eagraíochtaí maoinithe ealaíontóirí.

[2] An Chomhairle Ealaíon aguisín le Luach Saothair don Ealaíontóir 2020 (PTA_Representative and resource organisations.pdf

# GLUAIS

EALAÍONTÓIR Sainmhíníonn Unesco ealaíontóir “mar glactar leis go gciallaíonn sé aon duine a chruthaíonn nó a thugann léiriú cruthaitheach ar shaothair ealaíne, nó a athchruthaíonn saothair ealaíne, a mheasann gur cuid riachtanach dá shaol iad a chruthú ealaíonta, a chuireann ar an mbealach seo le forbairt na healaíne agus an chultúir agus atá aitheanta nó a iarrann go n-aithneofaí é mar ealaíontóir, cé acu atá siad faoi cheangal ag aon chaidreamh fostaíochta nó comhlachais nó nach bhfuil.”[3]
Sainmhíníonn an Chomhairle Ealaíon ealaíontóir mar “duine atá ag gabháil go gníomhach do ghairm mar ealaíontóir i bhfoirm ealaíne ar bith, agus a mheasann gurb í a chuid oibre ealaíon an phríomhghairm atá aige. Is fíor é sin fiú murar í a chuid oibre sna healaíona an phríomhfhoinse ioncaim atá aige, nó má tá fostaíocht eile aige.”

Tagraíonn GAIRMÍ sa chomhthéacs seo do dhuine a bhfuil sainoiliúint nó sainghnóthachtáil ina dhisciplín ealaíne aige, a bhfuil aitheantas bainte amach aige as barr feabhais ina réimse agus a fhaigheann cuid dá shlí bheatha nó a shlí bheatha ar fad ón ngníomhaíocht seo.[4]

Glactar leis gurb éard is OIBRÍ EALAÍON ann duine a chuireann seirbhís ar fáil atá lárnach don fheidhmíocht, don léiriú, nó do rannpháirtíocht an duine aonair nó an phobail i ngníomhaíocht nó imeacht ealaíon.

TÁILLE EALAÍONTÓRA is éard is táille ealaíontóra ann luach saothair as am, ábhar agus seirbhísí a chuireann ealaíontóirí ar conradh ag duine aonair nó ag eagraíocht ar fáil. Ní chumhdaíonn táille ealaíontóra na costais saothair nó ábhar a úsáidtear agus saothar ealaíne á dhéanamh nó á tháirgeadh, ar cheart iad a chomhaontú ar leithligh. Ní bhíonn tionchar ag íocaíocht táille ealaíontóra ar chearta dlí ealaíontóra a bheith aitheanta mar údar a shaothair. Ní mór aon aistriú úinéireachta nó ceadúnú ceart a shocrú leis an ealaíontóir mar chomhaontú ar leithligh..

Cuimsíonn an téarma luach saothair gach cineál féideartha de thuilleamh ealaíontóra. Cuimsíonn sé íocaíocht, tuarastal, pá, táillí, liúntais, chomh maith le hioncam a fhaightear ó chearta nó ó ríchíosanna..[5]
Tá luach saothair cóir nuair is ionann é agus an méid a iarrtar ar ealaíontóir ó thaobh a chuid ama, ionchuir agus saineolais.[6]
Meastar luach saothair a bheith cothrom a mhéid a léiríonn sé tiomantas do chomhdheiseanna agus éagsúlachta sna healaíona a chur chun cinn.[7]

[3] Moladh UNESCO maidir le Stádas an Ealaíontóra 1980

[4] An Chomhairle Ealaíon Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgead

[5] An Chomhairle Ealaíon Luach Saothair don Ealaíontóir 2020

[6] Ibid

[7] Ibid

# GLUAIS

Tagraíonn MAOIN INTLEACHTÚIL (IP) sa chomhthéacs seo do dhéantúis na haigne, cuir i gcás aireagáin; saothair liteartha agus ealaíne; dearaí; agus siombailí, ainmneacha agus íomhánna a úsáidtear sa tráchtáil.[8]

Is cineál maoine intleachtúla é CÓIPCHEART a thugann cearta do chruthaitheoirí (“ údair ”) catagóirí áirithe saothar, mar shampla leabhair, amhráin, drámaí nó scannáin. Nuair is úinéir saothair cóipchirt thú, tá sé de cheart eisiach agat an saothar a chóipeáil, an saothar a chur ar fáil don phobal agus oiriúnú a dhéanamh ar an saothar. Tá úinéir an chóipchirt i dteideal luach saothair as úsáid a chuid oibre chomh maith lena chinneadh conas is féidir a chuid oibre a úsáid. Tá sé de cheart freisin ag úinéir an chóipchirt cosc a chur ar dhaoine eile a shaothar cruthaitheach a atáirgeadh, a fhoilsiú, a thaibhiú, a chur in iúl don phobal nó a oiriúnú.[9]

CEARTA GAOLMHARA: Tá cearta gaolmhara, mar a thugtar orthu, ag taibheoirí, léiritheoirí agus craoltóirí saothar. Tá sealbhóirí ceart gaolmhar i dteideal luach saothair as úsáid a gcuid oibre chomh maith lena chinneadh conas is féidir í a úsáid.
Chomh maith lena chinntiú go gcosnófar an cóipcheart i saothar, foráiltear leis an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 go gcosnófar cearta morálta, cuir i gcás an ceart atharthachta arb é an ceart é a bheith aitheanta mar údar saothair, agus an ceart sláine arb é ceart an údair é agóid a dhéanamh in aghaidh aon saobhadh, ciorrú nó modhnú eile ar a shaothar.[10]

[8] An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil
[9] An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
[10] Ibid